La Fheile Padraig Sona Daoibh

Cúpla Focal

Susan Mitchell: 1866-1926

By le Proinn Ó Duigneáin
editorial@leitrimpost.com

Rugadh an file agus iriseoir Susan Mitchell i gCora Droma Rúisc mar a raibh a hathair Michael Mitchell ina bhainisteoir sa mBanc Cúige.

Ba gariníon í le John James Cullen ar leis Teach Scríne (Skreeney House) i gCluainín Uí Ruairc agus ba sa teach sin a tógadh a máthair, Kate Cullen. B'é an chéad duine de chlann Cullen a tháinig go hÉirinn ná Patrick a throid ar son Sir Frederick Hamilton in Éirí Amach 1641. D'éag Michael, athair Susan nuair a bhí sí 6 bhliain d'aois. Fuair sí a cuid oideachais i scoil phríobháideach do chailíní i Morehampton Road i mBaile Átha Cliath. Seachas na gnáthábhair, d'fhreastail sí chomh maith ar ranganna ceoil, amhránaíochta, damhsa agus liníochta.

Chuaigh sí leis an iriseoireacht ar dtús agus fuair post mar eagarthóir cúnta ar an Irish Homestead, páipéar a raibh George Russell (AE) ina eagarthóir air. Scríobh sí aistí agus léirmheasanna leabhar don chuid is mó. Spreag AE í chun filíocht a scríobh agus sa bhliain 1908 d'fhoilsigh sí The Living Chalice. I leabhar eile léi Aids to Immortality of Certain Persons in Ireland, rinne sí greann de dhaoine nótálta i bhfoirm véarsaíochta. I 1916 scríobh sí cuntas ar an ealaíontóir George Moore a bhí géar go maith. Lean sí den scigvéarsaíocht ina leabhar Secret Springs of Dublin Song a foilsíodh i 1918. Cúpla bliain ina dhiaidh sin fuair sí an post mar eagarthóir cúnta ar The Irish Statesman.

Ainneoin gur de bhunadh Angla-Éireannach í thacaigh Susan le Sinn Féin agus agus bhí sí ar choiste United Irishwomen, eagraíocht a chuir chun cinn aidhmeanna agus cuspóirí An Ghluaiseacht Comhoibrítheach a bhunaigh Sir Horace Plunkett.

Aithne phearsanta

Bhí aithne phearsanta ag Susan Mitchell ar chuid mhaith de scríbhneoirí, ealaíontóirí agus polaiteoirí a linne, léithéidí Yeats, Countess Markievicz, Griffith agus Sarah Purser. Bhí an-mheas ag Yeats uirthi ar a cumas filíochta.

Níor phós Susan riamh cé go raibh sé ina scéal reatha i mBaile Átha Cliath go raibh si féin is AE i ngrá lena chéile. Bhí AE féin pósta le Violet North. Bhí Susan i ndrochshláinte ar feadh cuid mhaith dá saol agus fuair sí bás den ailse i 1926 i mBaile Átha Cliath. Tá scéal a beatha scríofa ag Hilary Pyle i leabhar dar teideal Red-Headed Rebel: Susan L Mitchell, Poet and Mystic of the Irish Cultural Renaissance.

Daoine a bhfuil suim acu i stair shoisialta an chontae seo, tá siad go mór faoi chomaoin ag Susan Mitchell mar gheall gur spreag sí a máthair Kate Cullen le cuntas a thabhairt ar a hóige i gCluainín, i Sligeach agus i gCora Droma Rúisc. Tá cursíos anchruinn ag Kate ar a saol i dTeach Scríne agus ar lucht aitheantais a muintire. Is inspéise an tagairt a dhéanann sí don Ghaeilge 'B'í an Ghaeilge teanga labhartha na seirbhíseach… ní raibh sí riamh ina teanga mharbh domsa…. Bhí m'athair ar altramas ag muintir Féinneadha (Feeney's) agus chuala mé nár labhair sé ach an Ghaeilge go dtí go raibh sé 7 mbliana d'aois'.

Usáid do theanga

Ráiteaisí faoi Lá le Pádraig

Chuile Lá le Pádraigh téann gach fear Éireannach amach ag lorg fear Éireannach eile chun óráid a thabhairt dhó.

Every St. Patrick's Day every Irishman goes out to find another Irishman to make a speech to.- Shane Leslie.

Naomh Phádraigh: An taon naomh le lá ceiliúradh a thugann seans duit bheith glan ar meisce is tú ag ligint ort gur Éireannnach thú.

St. Patrick: the only saint whose feast day presents the opportunity to get determinedly whacked and make a fool of oneself all under the guise of acting Irish. - Charles M. Madigan

Theaspán mé mo mheas ar thír mo dhúchais tré éirigh ar meisce chomh scioptháí is a fhéadfainn.

I showed my appreciation of my native land in the usual Irish way by getting out of it as soon as I possibly could. - George Bernard Shaw

Sén t-Éireannach an taon fear a rachfadh thar dosaen mná nocht chun greim a fháil ar bhuidéal pórtar.

An Irishman is the only man in the world who will step over the bodies of a dozen naked women to get to a bottle of stout. – Anonymous

Fíricí

Úsáidtear níos mó cruach chun caipínín buidéal a dhéanamh ná mar aúsáidtear chun corp carranna a dhéanamh

More steel in the United States is used to make bottle caps than to manufacture automobile bodies.

Cáilfidh éisc órga a dhath de thúisce easpa solais nó má cuirtear iad i sruthán.

Goldfish lose their color if they are kept in dim light or are placed in a body of running water, such as a stream.

Ní chothóidh súile linbh deora go dtí go mbíonn siad sé nóh ocht seachtainí d'aois

Babies' eyes do not produce tears until the baby is approximately six to eight weeks old.

Tá trí liathróid gailf ag suí ar an ghaelach

There are three golf balls sitting on the moon.

1.65 milliún le gaeilge